

ELeathanach342

Dé Luain, an 23 Feabhra 2020

Dancing with the Stars

Bhí deireadh seachtaine suimiúil againn arís ar *Dancing with the Stars*. Bhí ceolfhoireann RTÉ ag seinm leis na damhsóirí agus chuir sin go mór leis an gclár.

Ar an drochuair, bhí an moltóir Julian Benson as láthair toisc go bhfuil sé tinn. Ghlac Darren Bennett áit Julian mar mholtóir ar an gclár Dé Domhnaigh.

Fuair Gráinne Gallanagh agus Kai Widdrington tríocha marc ó na moltóirí, an scór is airde is féidir a fháil. Ba é sin an chéad uair i mbliana go bhfuair damhsóirí an marc sin ó na moltóirí.

Go luath ina dhiaidh sin, bhí Ryan Andrews agus Giulia Gotta ag damhsa. Bhí Lorraine Barry, an moltóir, beagnach ag caoineadh tar éis breathnú orthu. Arís thug na moltóirí tríocha marc dóibh.

D'fhág Sinéad O'Carroll agus Ryan Mc Shane an comórtas ag an deireadh seachtaine. Ní bhfuair siad go leor vótaí ón lucht féachana arís Dé Domhnaigh.

Beidh muid ag súil le seachtain eile damhsa, an tseachtain seo chugainn, agus beirt eile ag fágáil an chláir.



Ceolfhoireann RTÉ



Craobh an Domhain - tarraingt na téide

Bhí Craobh an Domhain ar siúl an tseachtain seo caite i Leitir Ceanainn i nDún na nGall. Ghlac níos mó ná 500 duine páirt sa chomórtas. Bhí siad taobh istigh don chomórtas seo, ach uaireanta bíonn na comórtais seo faoin aer.

I dtarraingt na téide, bíonn dhá fhoireann ag troid i gcoinne a chéile. Bíonn an bua ag an bhfoireann atá níos láidre agus a n-éiríonn leo an téad a tharraingt.

Sa chomórtas deireanach, bhí an bua ag Tai-pei na Síne sa bhabhta 560kg. Bhí Tuaisceart na hÉireann sa dara háit sa chomórtas, agus fuair foireann na hÉireann an bonn cré-umha sa chomórtas.


Stoirm Ciara agus Dennis agus muid ag fanacht ar Ellen!

Tháinig Stoirm Ciara agus lean Stoirm Dennis í gan mórán de bhriseadh a thabhairt dúinn. De bharr na stoirmeacha, bhí a lán fearthainne ann in Éirinn chomh maith le gaotha láidre. Bhí sneachta ann chomh maith i rith na coicíse. Bhí na bóithre an-chontúirteach mar go raibh leac oighir orthu.

Lá amháin, i rith na seachtaine seo caite, bhí an-chuid aimsirí difriúla againn idir sneachta, báisteach, gaoth, scamail agus grian. Ní raibh a fhios ag daoine ar cheart dóibh cóta mór nó t-léine a chaitheamh!

D'fhógair Met Éireann rabhadh buí ag an deireadh seachtaine don chuid is mó den tír. Bhain an rabhadh sin le báisteach. Ná déanaigí dearmad ar bhur scáthanna báistí!

Níor thug siad ainm ar an aimsir seo ach nuair a thagann an chéad stoirm eile, Stoirm Ellen an t-ainm a bheidh uirthi.



Rabhadh buí don chuid is mó den tír

